



TOGHADH TRIÚR CÉIMITHE (BEAN AMHÁIN AGUS FEAR AMHÁIN AR A LAGHAD) CHUIG AN SÉÚ ÚDARÁS RIALAITHE DE CHUID OLLSCOIL NA hÉIREANN, MÁ NUAD DE BHUN ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997

SONRAÍ A BHAINNEANN LEIS AN TOGHCHÁN

Tagann tréimhse an chúigiú Údarás Rialaithe de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Leagtar amach in Alt 15 d'Acht na nOllscoileanna, 1997 go mbeidh Údarás Rialaithe ag an ollscoil bunaithe de réir an Achta agus, faoi réir an Achta, go gcuirfidh an tÚdarás Rialaithe feidhmeanna na hOllscoile i gcrích nó go ndéanfar faoi threoir an Údaráis iad.

Tugtar cumhacht in Alt 16 (11) don Údarás Rialaithe na rialacháin úd a cheapadh, de réir mar a fheicfear dó, a bhaineann le toghadh nó le hainmniúchán ball an Údaráis Rialaithe.

De réir Alt 16 (4)(b) den Acht, beidh beirt chéimithe de chuid na hollscoile san áireamh san Údarás, tofa ag a leithéid sin de chéimithe: tá daoine a mbronnadh céim de chuid Ollscoil na hÉireann orthu de thoradh a gcuid staidéir sa Choláiste Aitheanta Coláiste Phádraig, Má Nuad san áireamh sa téarma "céimithe de chuid na hollscoile".

Modh an Toghcháin:

- (i) Beidh céimithe de chuid na hollscoile a bhfuil bunchéim nó iarchéim acu sna toghthóirí.
- (ii) Toghfar céimithe ó chlár reatha na gcéimithe, lena n-áirítear dóibh siúd a mbronnfar céim orthu i Meán Fómhair 2019. Beidh na daoine úd a mbronnfar céim orthu i Meán Fómhair 2019 san áireamh i dtagairt ar bith thíos, díreach nó indíreach, do "céim" nó "céimithe".
- (iii) Bunaithe ar riachtanais Alt 16 (10) den Acht, a bhaineann le cothromaíocht inscne, socraíodh go dtoghfaidh na toghthóirí céime bean amháin agus fear amháin.
- (iv) De réir Alt 16 (4)(b), ní fhéadfaí fostaí nó mac léinn reatha de chuid na hOllscoile a thoghadh.
- (v) Chun go mbeidh céimí na hollscoile cáilithe le vótáil sa toghchán, ní mór dó/di, a bhfuil sé i gceist aige/aici vótáil, foirm oifigiúil chláráithe vótálaithe, líonta go hiomlán agus i gceart, a sheoladh ar ais chuig an gCeann Comhairimh.
- (vi) Chun a bheith mar iarrthóir sa toghchán, ní mór páipéar ainmniúcháin oifigiúil i leith an iarrthóra molta, atá mar chéimí de chuid na hollscoile, a líonadh isteach go hiomlán agus i gceart, agus é sínithe ag **beirt** chéimithe eile de chuid na hollscoile. Ní mór do dhaoine a ainmneofar a dtoiliú a dhearbhu i scríbhinn.
- (vii) Ní mór foirmeacha cláráithe vótálaithe, agus páipéir ainmniúcháin oifigiúla chomh maith le toiliú scríofa an ainmnithigh, i ngach cás, a bheith i dtaisce ag an gCeann Comhairimh, 'Toghchán na gCéimithe', f/ch Vivienne Murray, Lóiste Riverstown, Ollscoil Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara, faoi 5.00 i.n. ar an Luan, 7 Deireadh Fómhair 2019 nó trí ríomhphost a sheoladh: governing.authority@mu.ie.
- (viii) Ní sheolfar páipéir vótaíochta sa phost chucu siúd a bhfuil cead vótála sa toghchán acu níos deireanaí ná an 14 Deireadh Fómhair 2019.
- (ix) Faoin gcóras Ionadaíochta Cionmhar, mar a úsáidtear sna toghcháin chuig Seanad Éireann é, a sheolfar vótáil sa toghchán.
- (x) Um nóin ar an 25 Deireadh Fómhair 2019 a chríochnóidh an vótáil sa toghchán, a bheidh mar bhallóid phoist.

Ar chúiseanna rúndachta agus ar chúiseanna cosanta sonraí, ní chuirfear ainmneacha agus seoltaí na gcéimithe ar fáil d'iarrthóirí nó do dhaoine atá ag gníomhú ar a son.

Tugtar cuireadh áfach do gach iarrthóir nóta beathaisnéiseach (clóscríofa ar an bhfoirm dhualgais) a chur faoi bhráid. D'fhéadfadh an nóta seo a bheith scaipthe leis na páipéir vótaíochta. Cé go bhfuil sé beartaithe na nótaí beathaisnéiseacha a scaipeadh de réir mar a chuirtear faoi bhráid iad, tá an ceart á choimeád ag an gCeann Comhairimh leasú a dhéanamh ar nóta beathaisnéiseach más gá sula scaipfear é, nó i gcásanna eisceachtúla, cinneadh a dhéanamh gan nóta beathaisnéiseach a scaipeadh le páipéir vótaíochta.

Féadfaidh céimithe scríobh chuig An Ceann Comhairimh, 'Toghchán na gCéimithe', f/ch Vivienne Murray, Seomra 120, an Foirgneamh Callan, Ollscoil Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara le haghaidh foirmeacha cláráithe vótálaithe agus páipéir ainmniúcháin. Ríomhphost: governing.authority@mu.ie nó is féidir iad a íoslódáil ó leathanach gréasáin an Údaráis Rialaithe <https://www.maynoothuniversity.ie/governing-authority/governing-authority-elections>